# Scéim Tacaíochta Gaeilge

Glór na nGael

ag cuidiú le cur chun cinn na teanga i gclubanna CLG

assistance for language projects in GAA clubs

Samhain 2016
November 2016




An Turas Teanga

Glór na nGael

GAA

Foras na Gaeilge

# Scéim Tacaíochta Gaeilge

## Cad é seo?
## What is the Scéim Tacaíochta Gaeilge?

Tá an Scéim Tacaíochta Gaeilge ann chun cuidiú airgid a thabhairt do chlubanna de chuid an Chumainn Lúthchleas Gael agus iad i mbun iarrachtaí macánta chun an Ghaeilge a chur chun tosaigh.

Cuirfear maoiniú meaitseála ó chiste na Scéime ar fáil d'imeachtaí incháilithe ar bhonn €2 do gach €1 a chuireann an club féin ar fáil.

Le bheith incháilithe don scéim seo is gá go léireoidh an chlub tiomantas fadtéarmach don Ghaeilge trí chlárú leis 'An Turas Teanga', scéim pleanála teanga de chuid Ghlór na nGael.

Tá uasmhéid de €600 ar dheontas a thabharfar d'aon chlub sa bhabhta seo, sin €900 san iomlán le caitheamh ar thionscadal, síntiús an chlub san áireamh.

Is comhthionscadal í an Scéim Tacaíochta Gaeilge idir Glór na nGael agus An Cumann Lúthchleas Gael le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge.

The Scéim Tacaíochta Gaeilge is a fund established to provide Gaelic Athletic Association clubs with assistance in efforts to further the Irish Language within the club.

The fund will provide €2 match funding for every €1 put towards eligible projects by the club.

To be deemed eligible to apply to the fund, clubs must demonstrate a long-term commitment to the promotion of the Irish Language by registering with Glór na nGael's language planning scheme, 'An Turas Teanga'.

The maximum award made in this funding round will be €600, allowing for a total project spend of €900 including the club's contribution.

Scéim Tacaíochta Gaeilge is a joint project of Glór na nGael and An Cumann Lúthchleas Gael with support from Foras na Gaeilge.

# Cén saghas tionscadail atá incháilithe?
# What projects are eligible for support?

Incháilithe faoin scéim seo tá tionscadail agus imeachtaí a chuireann úsáid agus foghlaim na Gaeilge chun tosaigh i measc phobal an chlub.

D'fhéadfaí ranganna Gaeilge a eagrú, sraith ranganna nó cainteanna ar oidhreacht ár logainmneacha, aistriúchán a dhéanamh ar shuíomh gréasáin, nó imeacht sóisialta a reáchtáil a fhad is gur imeacht lán-Ghaeilge é.

Ní íocfar deontais a bhfuil na costais seo a leanas mar chuid dóibh; costais taistil agus chothbhála, costais déantús fógraíochta nó comharthaíochta, costais scoláireachtaí Gaeltachta nó campaí samhraidh.  Ní íocfar deontas do thionscadail atá á maoiniú i bpáirt nó go hiomlán mar chuid de chlár maoinithe ó rannóg rialtais.

Ní mór do na gníomhachtaí agus, dá réir, na hiarratais, a bheith réamhcheadaithe ag Coiste an Chlub agus is in ainm an chlub amháin a íocfar deontas.

Projects and events which encourage the use and learning of the Irish Language among the club community will be eligible for support.

A series of classes or talks on Gaelic placenames, the translation of a club website, Irish Language social events qualify providing they are presented through Irish.

Support will not be provided to cover the following costs: travel and subsistence, advertising or signage, Gaeltacht scholarships or summer camps.  Support will not be provided for projects receiving full or part funding from Government funding programmes.

Projects and applications must have the written support of the Club Committee and awards will only be paid to the Club.

# Cad é ‘An Turas Teanga’?
# What is ‘An Turas Teanga’?

Is scéim tacaíochta de chuid Ghlór na nGael é ‘An Turas Teanga’ le haghaidh chlubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun tosaigh.

Tá formhór na gclubanna ag cur na Gaeilge chun cinn bealach amháin nó bealach eile, is é cuspóir an tionscadail seo ná na hiarrachtaí sin a fhorbairt ar bhonn tomhaiste agus pleanáilte. Cuirfidh Glór na nGael cuidiú ar fáil don Oifigeach Gaeilge i bhfoirm comhairle, tacaíochta agus idéanna le tógáil ar an obair mhaith atá á déanamh sa chlub cheana féin.

Trí chlárú leis ‘An Turas Teanga’ tá do chlub ag tabhairt tiomantais go gcuirfear an Ghaeilge chun cinn go gníomhach agus go dtabharfar spás lárnach di i saol laethúil an chlub.

Tapaidh an deis. Cláraigh agus fógair tacaíocht i bhur gclub don Ghaeilge!

Tuilleadh eolais agus foirmeacha le fáil ag www.glornangael.ie

‘An Turas Teanga’ is a support service provided by Glór na nGael to GAA clubs wishing to further the Irish Language in their community.

Most clubs have been promoting the Irish language in some form or another, this project is here to help develop that promotion in a more measured and planned fashion. Glór na nGael will offer help to the Oifigeach Gaeilge to give them direction, support and ideas to build on the good work that has already been done within the club.

By signing up to ‘An Turas Teanga’ your club is giving a commitment to actively promote the Irish Language and to make it an important aspect of the daily life of your club.

Seize the opportunity. Sign up and declare your club’s support for the Irish Language!

More info and application forms from www.glornangael.ie

# Tuilleadh Eolais
# Further Information

Is féidir tuilleadh eolais nó fiú comhairle maidir leis an chaoi le d'iarratas féin a scríobh a fháil ach teagmháil a dhéanamh le hoifigí réigiúnacha Ghlór na nGael:

Glór na nGael
3 Sráid na Seaneaglaise,
Baile Átha an Rí,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 091 875 399

Glór na nGael,
18 Sráid Mistealaigh,
Dún Garbhán
Contae Phort Láirge.
Fón: 058 24642

Glór na nGael,
Gaeláras Mhic Ardghail,
6b Sráid an tSéipéil Uachtarach,
Iúr Cinn Trá,
Co. An Dúin. BT34 2DS
Fón: (028) 30262574

Trí iarratas a chur chuig an Scéim Tacaíochta Gaeilge, dearbhaíonn do chlub go gcaithfear aon deontas airgid faoi mar atá léirithe san iarratas. Aontaíonn do chlub glacadh le cinneadh riarthóirí na scéime maidir le bhur n-iarratas.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí cruthúnas a lorg ar chaiteachas an deontais.

Contact you local Glór na nGael office for further information or for advice on completing an application:

Glór na nGael
3 Sráid na Seaneaglaise,
Baile Átha an Rí,
Co na Gaillimhe
Fón: 091 875 399

Glór na nGael
18 Sráid Mistealaigh,
Dún Garbhán
Contae Phort Láirge
Fón: 058 24642

Glór na nGael
Gaeláras Mhic Ardghail,
6b Sráid an tSéipéil Uacht,
Iúr Cinn Trá,
Co. An Dúin BT34 2DS
Fón: (028) 30262574

By making an application to Scéim Tacaíochta Gaeilge, your club agrees to spend any award as detailed in the application. You club agrees to abide by the decision of the scheme administrators.

Proof of expenditure may be requested in certain cases.